

Eleathanach334

Dé Luain 24 Samhain 2019

Comhscór ag Foireann Sacair na hÉireann i gcoinne na Danmhairge

An Luan seo caite bhí foireann sacair na hÉireann ag imirt i gcoinne na Danmhairge. Bhí an cluiche ar siúl sa Staid Aviva i mBaile Átha Cliath.

Ní raibh aon scór sa chéad leath. Scóráil Martin Braithwaite an chéad chúl ar son na Danmhairge. Ansin scóráil Shane Duffy cúl den chéad scoth lena cheann. Chríochnaigh an cluiche ar comhscór (1-1).

Faraor, níor leor é seo d'fhoireann na hÉireann áit a bhaint amach i gCraobhchomórtas na hEorpa láithreach. Ach an méid sin ráite, beidh seans eile ag foireann na hÉireann áit a bhaint amach sa Chraobh níos déanaí.



Bonn óir buaite ag Jason Smyth sna Cluichí Parailimpeacha

Bhí na Cluichí Parailimpeacha Lúthchleasaíochta ar siúl in Dubai idir an 7 agus an 15 Samhain. Bhí fear Éireannach darb ainm Jason Flynn ag glacadh páirte iontu. Is as Doire é agus tá sé dhá bhliain is tríocha d'aois.

Ghlac sé páirt sa rás 100 méadar. Bhí rás den chéad scoth aige. Bhuaigh sé an bonn óir. Is é seo an fichiú bonn óir a bhuaigh sé!

Ní hamháin sin, ach bhain sé curiarracht amach. Níor ghlac sé ach 10.54 soicind air an rás a rith. Dochreidte. Is laoch amach is amach é!

Lá Idirnáisiúnta na bhFear

Ar an naoú lá déag de mhí na Samhna bhí Lá Idirnáisiúnta na bhFear ar siúl timpeall an domhain. Bíonn sé ar siúl i níos mó ná ochtó tír.

Is ócáid é chun éachtaí agus dul chun cinn na bhfear a cheiliúradh.

De ghnáth bíonn drogall ar fhir labhairt faoina gcuid fadhbanna. Ar an iomlán bíonn mná níos oscailte i gcomparáid leis na fir. Cuireann an lá seo béim ar cé chomh hiontach agus atá na fir inár saol.

Comórtas Amhránaíochta Junior Eurovision

Bhí clár teilifíse ar siúl ar TG4 chun duine a roghnú le bheith mar ionadaí ar son na hÉireann arís i mbliana.

Bhuaigh Anna Kearney ó Bhaile Átha Cliath an comórtas ar TG4. Chan sí an t-amhrán 'Banshee' ag an gcomórtas Dé Domhnaigh.

Bhí an comórtas ar siúl in Gliwice sa Pholainn Dé Domhnaigh toisc gur bhuaigh Roksana Węgiel ón bPolainn anuraidh.

Bhuaigh Viki Gabor ón bPolainn an comórtas. Is é seo an chéad uair a bhuaigh tír an comórtas *Junior Eurovision* dhá bhliain as a chéile. Beidh an comórtas ar siúl arís sa Pholainn an bhliain seo chugainn.

